



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ na hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2015

FISIC AGUS CEIMIC – ARDLEIBHÉAL

DÉ LUAIN, 15 MEITHEAMH – MAIDIN, 9:30 go 12:30

Sé cheist le freagairt.

Freagair **trí** cheist ar bith as **Roinn I** agus **trí** cheist ar bith as **Roinn II**.

Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

Maidir le gach roinn, áfach, dálfeair marc amháin sa bhreis i gcás gach aon cheann den chéad dá cheist ar gnóthaíodh na marcanna ab airde iontu.

- N.B.** Tá sonraí ábhartha liostaithe sa leabhrán *Foirmí agus Táblái*, atá ar fáil ón bhfeitheoir. Glac le $g = 9.8 \text{ m s}^{-2}$ mar luasghéarú de bharr na domhantarraingthe ar dhromchla an Domhain.


ROINN I – FISIC (200 marc)

1. Freagair **aon cheann déag** de na míreanna seo a leanas (a), (b), (c), etc. Tá na míreanna uile ar aon mharc.
Bíodh do chuid freagraí gearr.

- (a) Breac síos céad-dlí gluaisne Newton.
- (b) Ainmnigh an t-aonad tomhais SI a shainmhínítear mar


$$an \text{ obair} \propto \text{dhéantar} \propto \text{nuair} \propto \text{bhogann} \propto \text{fórsa} \propto \text{niútain amháin} \propto \text{a phointe feidhmithe méadar amháin} \propto \text{dtreo an fhórsa}.$$

Cén chainníocht, seachas obair, a thomhaistear freisin agus an t-aonad seo á úsáid?
- (c) Cén chumhacht a fhorbraíonn tógálaí meáchain agus 60 kg á ardú aige 2.5 m go ceartingearach in imeacht ama 0.12 s?
- (d) Déan idirdhealú, i dtéarmaí gathanna solais de, idir fioriomhá agus íomhá fhíorúil.
- (e) I bhFíor 1 taispeántar trastonn agus í tarraingthe de réir scála.
 - (i) Cad é aimpliúid na toinne seo?
 - (ii) Cad é a tonnfhad?




Fíor 1

- (f) Cad is frithchaitheamh iomlán inmheánach ann?
- (g) Cad is brí le *trasnaiocht scriosach iomlán* na dtonnta?
- (h) Déantar balún ina bhfuil hélim agus balún ina bhfuil dé-ocsáid charbóin a theannadh go dtí an toirt chéanna ag an teocht chéanna agus ag an mbrú céanna.
 Cad é cóimheas líon na mól de hélim agus le líon na mól de dhé-ocsáid charbóin atá i láthair sa dá bhalún?
- (i) Cad iad na coinníollacha teochta agus brú faoina mbíonn an chosúlacht is mó idir iompar fíorgháis agus iompar an gháis idéalaigh?
- (j) Déan amach an saghas luchta ar (i) Q_1 , (ii) Q_2 , ó phatrún a réimse leictrighe nuair a chuirtear in aice lena chéile iad, mar a thaispeántar i bhFíor 2.



Fíor 2

- (k) Sainaithin an gléas leictreach
 - (i) a ghineann sruth leictreach as imoibriúcháin cheimiceacha,
 - (ii) a dhéanann fuinneamh a stórál trí dheightilt na luchtanna.
- (l) Sainmhínigh difríocht poitéinsil leictreach.
- (m) Gabhann sruth I , atá á iompar ag sreang, trí bhileog chairtchláir, mar a thaispeántar i bhFíor 3. Déan cóip den léaráid agus taispeáin línte an réimse mhaighnéadaigh timpeall ar an tsreang.
- (n) Tá leathré de 3 lá ag iseátóp radaighníomhach. Má bhí 2 g den iseátóp gan mheath i sampla tar éis 9 lá, cén mhais tosaigh a bhí san iseátóp sa sampla?
- (o) Nuair a astaítear béite-cháithnín as núicléas adaimh, cén t-athrú a tharlaíonn
 - (i) i líon na bpróton,
 - (ii) i líon na neodrón?



Fíor 3

(11×6)

2. (a) Sainmhínigh (i) fórsa, (ii) móiminteam. (9)
- (b) Scríobh slonn matamaitice don choibhneas idir fórsa agus ráta athraithe an mhóimintim. (6)
- (c) Sainmhínigh an niútan. (6)
- (d) Breac síos *dlí imchoimeád an mhóimintim*. (6)
- (e) Tarraing léaráid lipéadaithe den leagan amach ar ghaireas a úsáidtear chun *dlí imchoimeád an mhóimintim* a fhíorú. (12)

(f) Tástálann innealtóirí éifeachtacht na dtréithe sábháilteachta nuair a bhíonn feithicí nua á ndearadh. I dtástáil mar seo, bhí carr, ar mais dó 1500 kg, ag taisteal ar 20 m s^{-1} agus bhuail sé díreach in aghaidh bloic a sheas do thruail chónaitheach, ar mais di 7500 kg, agus ghluais an carr is an bloc le chéile tar éis an imbhualailte.

- (i) Ríomh comh-threolus an chairr agus an bhloic díreach tar éis an imbhualilte.
- (ii) Cé acu an carr nó an bloc a bhraitheann an fórsa is mó i rith an imbhualitte? Cosain do fhreagra.
- (iii) Ríomh cóimheas mhéid luasghéarú an chairr le méid luasghéarú an bhloic i rith na tástála.
- (iv) Bíonn ‘limistéir leacaithe’ ag carranna nua-aimseartha a chuirtear isteach iontu chun laghdú ar an ngortú a bhainfeadh do dhaoine iontu dá dtarlódh imbhualadh. Déantar na limistéir leacaithe a dhearadh chun go mbeidís in ann filleadh ar a chéile cosúil le cairdín, mar a thaispeántar i bhFíor 4, agus fágtaí an cábán go réasúnta slán.

Mínigh, i dtéarmaí fórsa, conas a fhéadann limistéir leacaithe cabhrú chun gortuithe a laghdú in imbhualadh. (27)




Fíor 4

3. Déantar ga de sholas monacrómatach a athraonadh nuair a théann sé trí phriosma triantánach gloine. Déantar ga de sholas bán a athraonadh *agus* a spré nuair a théann sé tríd an bpriosma céanna.

- (a) Mínigh na téarmaí a bhfuil líne fúthu. (12)
- (b) Luaigh airí amháin ag tonn
- (i) a athraíonn,
- (ii) nach n-athraíonn, nuair a athraontar é. (6)
- (c) Le cabhair léaráid lipéadaithe, déan cur síos ar conas a d’úsáidfeá priosma agus lionsáí chun speictream de sholas bán a theilgean ar scáileán. Taispeáin ar do léaráid an áit a mbeifeá ag súil leis go bhféadfá radaíocht infridhearg a bhrath. Conas a d’fhéadfá láithreacht na radaíochta dofheicthe seo a bhrath? (15)

- (d) Sa ghraf i bhFíor 5, taispeántar an coibhneas idir fad na hiomhá v agus an formhéadú m i gcás scáthán cuasach.
- (i) Bain úsáid as an ngraf chun fad na hiomhá a fháil nuair is é 1 díreach an formhéadú.
- (ii) Cad é fad na frithne nuair is é 1 an formhéadú?
- (iii) Ríomh fad fócasach an scátháin.
- (iv) Cén formhéadú atá ann nuair a chuirtear an frithne 18 cm ón scáthán? (21)

- (e) Bain úsáid as ga-léaráid chun a thaispeáint conas a tháirgeann scáthán cuasach íomhá fhormhéadaithe cheartseasmhach. Tabhair úsáid a bhaintear as scáthán cuasach bunaithe ar a chumas formhéadúcháin. (12)



4. (a) Breac síos *dlí Charles*. (6)
- (b) Cén t-airí ag móilíní gáis a chinneann teocht an gháis? Cén teocht ar scála Kelvin ina mbíonn luach teoiriciúil nialais ar an airí seo? (9)
- (c) Sa tábla thíos taispeántar na toirteanna i mais chinnte gáis ag teochtaí difriúla.

Teocht (°C)	-13	17	37	57	87	117
Toirt (cm ³)	800	900	960	1020	1110	1200

- (i) Tarraing graf oiriúnach de thoirt *in aghaidh* teochta chun dlí Charles a fhíorú.
- (ii) Mínigh conas a fhíoraíonn do ghráf dlí Charles. (21)
- (d) Úsáidtear an gásteirmiméadar toirt-tairiseach mar theirmiméadar caighdeánach.
- (i) Cén t-airí teirmiméadrach a bhfuil an gásteirmiméadar toirt-tairiseach bunaithe air?
- (ii) Cén fáth a bhfuil teirmiméadair chaighdeánacha riachtanach?
- (iii) Tabhair dhá chúis *nach* bhfuil gásteirmiméadair thoirt-tairiseacha in úsáid go forleathan. (18)
- (e) (i) Conas is féidir na teochtaí 0 °C agus 100 °C a ghiniúint sa tsaotharlann chun na pointí fosaithe do scála Celsius a shocrú?
- (ii) Scríobh cothromóid is féidir a úsáid chun an teocht ar scála Celsius a ríomh ó thomhais a rinneadh agus gásteirmiméadar toirt-tairiseach á úsáid. (12)

5. (a) Cad is sruth leictreach ann?
Luaigh *dlí Ohm*. (12)
- (b) Le cabhair léaráid lipéadaithe, déan cur síos ar an ngaireas agus ar an gciорcad leictreach a úsáidtear i bhfiosrúchán ar an teasiarmhaint ag sruth leictreach i gcorna sreinge.
Cén coibhneas a aimsítear? (18)
- (c) Luaigh prionsabal oibriúcháin galbhániméadar luailchorna agus sruth beag á bhrath.
Mínigh conas is féidir galbhániméadar luailchorna a thiontú ina aimpmhéadar chun sruthanna níos mó a thomhas. (12)
- (d) Tá gléas leictreonach feabhsaithe chun srannadh a chosc, agus gur féidir le máinlia é a ionphlandú, á mholadh ag dearthóir ciorcaid.
Caithfidh na hiarmhaintí teasa is ísle a bheith ag sreangú agus ag ciorcaid leictreonacha gléas ar bith a ionphlandaíonn máinlia laistigh den chorp.
Ag glacadh leis go bhfuil dlí Ohm i bhfeidhm, ríomh
- (i) an sruth a tharraingítear as ceallra 2.8 V nuair atá an gléas á úsáid, más í an fhriotaíocht sa sreangú agus sna ciorcaid le chéile ná 64 Ω,
- (ii) an fuinneamh leictreach a d'úsáidfeadh an gléas le linn tréimhse chodlata 8 n-uair an chloig. (12)
- (e) Caithfear an caillteanas fuinnimh de bharr téimh a íoslaghdú nuair a dhéantar leictreachas a tharchur ó stáisiún ghiniúna go dtí pointe na húsáide.
Mínigh conas a dhéantar é seo.
Cén fáth a n-úsáidtear sruth ailtéarnach i dtarchur leictreachais? (12)

6. Freagair **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas (a), (b), (c), (d). Tá 33 marc ag gabháil le gach ceann díobh.

(a) Cad is fótón ann?

(6)

Tá pláta since, atá luchtaithe go diúltach, ina luí ar chaipín leictreascóip mar a thaispeántar i bhFíor 6.

Déan cur síos agus míniú ar an rud a mbeifeá ag súil lena bhreathnú dá soilseofaí an pláta since


- (i) le solas ultraivialait as lampa atá 50 cm ón bpláta since,
- (ii) le solas ultraivialait as an lampá céanna atá 10 cm ón bpláta since,
- (iii) le radaíocht infnidhearg as lampa atá 10 cm ón bpláta since.

(15)

Ríomh minicíocht na radaíochta de thonnnfad 2.0 × 10⁻⁷ m.

Cén fuinneamh atá i bhfotón de radaíocht ultraivialait den mhnicíocht seo?

(12)



Fíor 6

(b) Luaigh dlí Newton na himtharraingthe uilíche.

Agus an dlí seo a úsáid agat, díorthaigh an coibhneas idir g, an luasghéarú de bharr na domhantarraingthe an Domhain, agus G, tairiseach na himtharraingthe.

(15)

Is é an luasghéarú de bharr na domhantarraingthe i bhfithis an stáisiúin spáis idirnáisiúnta (ISS) timpeall an Domhain ná 8.61 m s⁻². Ríomh an fad atá an stáisiún spáis ó dhromchla an Domhain. Bíodh mais an Domhain mar 5.97 × 10²⁴ kg agus ga an Domhain mar 6.37 × 10⁶ m.

Dá dtiocadh laghdú 3.50 kg ar mhais spásaire a bhí ina c(h)ónaí san ISS ar feadh cúpla mí, cén chaoi a rachadh sé sin i bhfeidhm ar an luasghéarú de bharr na domhantarraingthe a bhraithfeadh sé / sí? Mínigh do fhreagra.

(18)

(c) Luaigh dlí Faraday maidir le hionductú leictreamaighnéadach.

Déan cur síos ar thurgnamh chun ionductú leictreamaighnéadach a léiriú.

(15)

I bhFíor 7 taispeántar gineadóir ina bhfuil corna C ag rothlú laistigh de réimse maighnéadach.

Ainmnigh na codanna a bhfuil na lipéid A agus B orthu.


Luaigh feidhmeanna A agus B.

(9)

Tarraing sceitse de chomhathrú an voltais aschuir le ham.


Tabhair slí amháin chun an voltas aschuir as gineadóir a mhéadú.

(9)



Fíor 7

(d) In imoibreoir núicléach, tuairgnítear úráiniam–235 le neodróin agus thíos tá imoibriú scaoilte fuinnimh tipiciúil a tharlaíonn.




Luaigh gné amháin de ghiniúint leictreachais le himoibriú den saghas seo

- (i) a bhfuil buntáiste ann don timpeallacht,
- (ii) atá dochrach don timpeallacht.

(6)

Cén t-ainm a thugtar ar an saghas imoibrithe núicléach a léiríonn an chothromóid seo a leanas?




(6)

Cén fáth a bhfuil sé deacair a leithéid d'imoibriú a chur i bhfeidhm?

Cad a chialláonn imchoimeád maise agus fuinnimh in imoibriú núicléach?

(6)

I 1932 d'fhíoraigh Cockroft agus Walton, den chéad uair, prionsabal imchoimeád maise agus fuinnimh in imoibrithe núicléacha nuair a rinne siad adaimh litiam a thuargaint le prótóbán mar seo a leanas.



Bain úsáid as sonraí ar na leathanaigh 47 & 83 den leabhrán *Foirmí agus Táblái* agus ríomh líon na ngiúl de mhaisfhuinneamh a scaoiltear nuair a tháirgtear dhá núicléas hélim aon imoibriú seo. (15)

ROINN II – CEIMIC (200 marc)

7. Freagair **aon cheann déag** de na míreanna seo a leanas (a), (b), (c), etc. Tá na míreanna uile ar aon mharc. *Bíodh do chuid freagraí gearr.*

- (a) Tabhair siombail, uimhir adamhach agus maisuimhir adamh neodrach ina bhfuil 12 neodrón agus 11 leictreon.
- (b) Cén fáth a bhfuil luach fuinneamh céadianúcháin bhóróin níos lú ná an luach sin ag carbón?
- (c) Cad is *iseatóip* ann?
- (d) Sainmhínigh mais adamhach choibhneasta.
- (e) Cothromaigh an chothromóid cheimiceach seo a leanas.





- (f) Úsaideadh lí ocsaíd iarainn dhubh sa mhascára agus sa línitheoir súl chun an smideasú súile a léirítear i bhFíor 8 a dhéanamh.
Ríomh an céatadán d'iarann de réir maise sa lí ocsaíd iarainn(III) (Fe_2O_3) seo.
[O = 16; Fe = 56]



Fíor 8

- (g) Cad is *allatróip* ann?
- (h) (i) Cén cruth atá ar mhóilín amónia (NH_3)? (ii) Cén luach atá ar an nascuillinn i móilín amónia (NH_3)?
- (i) Cén mhais de mhaignéisiam a mbeidh an líon céanna d'adaimh inti agus atá in 8 g de chailciam?
[Mg = 24; Ca = 40]
- (j) Sainaithin (i) aigéad comhchuineach HS^- (ii) bun comhchuineach H_2NO_3^+ .
- (k) Ainmnigh nó tabhair an fhoirmle le haghaidh ocsaíd atá (i) bunata, (ii) amfaiteireach.
- (l) Sainmhínigh *teas dócháin* substainte.
- (m) Féach ar struchtúir an dá phianmhúchán, beansócaon agus paraicéiteamól, a thaispeántar i bhFíor 9.




Fíor 9

Déan cóip i do fhreagarleabhar den struchtúr a bhfuil feidhmghráupa eistir aige, agus cuir ciorcal timpeall ar a ghrúpa carbóinile.

- (n) Ainmnigh dhá tháirge a fhoirmítear nuair a lonraíonn solas na gréine ar mheascán cómholarach de mheatán agus de chlóirín.
- (o) Tabhair gnáthúsáid laethúil a bhaintear as gach ceimiceán orgánach thíos:
(i) CH_3COOH , (ii) CH_3COCH_3 .

(11 × 6)

8. (a) I bhFíor 10 taispeántar conas mar a d'úsáid Bohr na línte daite i línsepticream astúcháin na hidrigine, i 1913, chun fianaise a chur ar fáil go bhfuil leibhéal fuinnimh san adamh. Tuigimid anois gur i bhfithiseán a bhíonn na leictreoin in adaimh agus go mbíonn luachanna fuinnimh sainithe orthu.



Fíor 10


- (i) Déan idirdhealú idir an *bunstaid* agus *staid fhloschta* leictreoin in adamh hidrigine.
- (ii) Tabhair dhá shlí inar féidir leictreon in adamh hidrigine a floscadh.
- (iii) Cén dá leibhéal fuinnimh i bhFíor 10 a dtagraíonn an slonn $E_a - E_b = hf$ dóibh i gcás na líne gorm / glas ar línsepticream astúcháin na hidrigine?
- (iv) Mínigh cén fáth nach bhfuil líne bhuí i speictream astúcháin na hidrigine. (24)

- (b) Cuireann tástálacha lasrach fianaise ar fáil freisin go bhfuil leibhéal fuinnimh in adaimh. Déan cur síos ar conas a dhearbhófá láithreacht litiam i sampla salainn agus tástáil lasrach á húsáid agat. (12)


- (c) Sainmhínigh *fithiseán adamhach*.
Cad é uaslóníon na leictreón is féidir a bheith i bhfithiseán adamhach ar bith?
Tarraing sceitse den chruth atá ar (i) *s-fhithiseán*, (ii) *p-fhithiseán*. (15)

- (d) Scríobh cumraíocht na leictreón d'adamh nítrigine agus taispeáin leagan amach na leictreón i bhfithiseáin sa bhunstaid.
Cé mhéad (i) príomhleibhéal fuinnimh, (ii) fithiseán, ina mbíonn leictreoin in adamh nítrigine?
Is cur síos ar cheann amháin de na leictreoin in adamh nítrigine é an tacar candaumuimhreacha $\{2, 0, 0, +\frac{1}{2}\}$.
Sonraigh an fithiseán a bhfuil an leictreon seo ann. (15)

9. Rinne mac léinn tuaslagán de hidrocsáid amóniam (NH_4OH) a thoirtmheascadh in aghaidh toirteanna 25.0 cm^3 de thuslagán 0.10 M d'aigéad hidreaclórach (HCl). Is bun lag é an tuaslagán de hidrocsáid amóniam. Ar an meán, bhí 12.25 cm^3 den tuaslagán de hidrocsáid amóniam ag teastáil don neodrú. Tá an chothromóid don imoibriú thoirtmheaschta mar seo a leanas.



- (a) Déan cur síos ar conas a ullmháiodh agus a líonadh buiréad lena úsáid sa thoirtmheascadh seo. (12)
- (b) Cén fáth, de ghnáth, ar fearr fleascán cónlíl ná eascra mar shoitheach le haghaidh imoibriú thoirtmheaschta? (6)
- (c) Ainmnigh táscaire atá oiriúnach don thoirtmheascadh seo.
Breac síos an t-athrú datha a bhreathnaítear ag críochphointe an thoirtmheaschta.
Cén fáth nár chóir ach braon nó dhó de tháscaire a úsáid? (12)
- (d) Ríomh tiúchan an tuaslagán de hidrocsáid amóniam
(i) ina móil in aghaidh an lítr,
(ii) ina graim in aghaidh an lítr. (12)



Fíor 11




I gceann amháin de na thoirtmheaschtaí seo thomhais an mac léinn pH an mhéid a bhí san eascra freisin, de réir mar a cuireadh an tuaslagán de hidrocsáid amóniam isteach as an mbuiréad, mar a thaispeántar i bhFíor 11. Fuarhas na sonraí atá sa tábla.

Toirt (cm^3) de NH_4OH a cuireadh isteach	0.0	6.0	10.0	11.0	11.7	12.0	12.2	12.4	12.9	15.0	20.0	22.0
pH	1.0	1.2	1.5	1.7	2.0	2.7	4.7	7.2	8.0	8.6	8.8	9.0

- (e) Sainmhínigh pH.
Bain úsáid as na sonraí sa tábla thusa chun graf a tharraingt de pH (y-ais) *in aghaidh* na toirte de hidrocsáid amóniam a cuireadh isteach (x-ais).
Bain úsáid as toirt an tuaslagán de hidrocsáid amóniam atá ag teastáil don neodrú, chun meastachán a dhéanamh, ó do ghraf, ar an pH nuair a tharlaíonn sé seo. (24)

10. Is liosta é seo a leanas de mhiotail in ord éascaíocht laghdaitheach a n-ocsaídithe: **K, Na, Ca, Mg, Al, Zn, Fe, Sn, Cu, Ag**.

- (a) Sainmhínigh ocsáidiú i dtéarmaí traschur leictreon.
Céard í an tsraith leictriceimiceach? (9)
- (b) I bhFíor 12 taispeántar dhá rud déanta as iarann,
ceann amháin díobh cosanta ar chreimeadh le cóta since
agus an ceann eile le cóta stain (**Sn**).
Mínigh, conas a thugann sinc agus stán cosaint d'iarann
ar chreimeadh. (9)
- (c) Mínigh cé acu cothromóidí díobh seo a leanas a léiríonn imoibriú ocsdí, má léiríonn aon cheann
díobh é.



Fíor 12

Sainaithin go soiléir substaint ar bith atá ag gníomhú mar imoibrí ocsáideach sna himoibrithe thusa.

(18)

- (d) Scríobh cothromóid chothromaithe don imoibriú a tharlaíonn nuair a thumtar slat mhaignéisiam i dtuaslagán de shulfait since.
Cén fáth nach dtarlaíonn imoibriú nuair a thumtar slat airgid (**Ag**) i dtuaslagán de shulfait since? (9)
- (e) Le linn leictrealú iaidíd potaisiam leáite (**KI**), breathnáodh gal iaidín corcra (**I₂**) ag an anóid agus táirgeadh mhoital potaisiam leáite ag an gcatóid.
Scríobh cothromóid chothromaithe don imoibriú a tharla ag an anóid.
Cén mhais de mhiotal potaisiam a táirgeadh nuair a shreabh sruth 5 A tríd an leictrilít ar feadh 6 nóiméad?
Mínigh conas a seoladh an sruth tríd an leictrilít. (21)

11. (a) (i) Cén t-ainm a thugtar ar ‘fhinte’ de chomhdhúile orgánacha a bhfuil an feidhmghrúpa céanna agus an fhoirmle ghinearálta chéanna acu?

(ii) Mínigh an téarma *feidhmghrúpa*.

(iii) Cén t-ainm ginearálta a thugtar ar chomhdhúile nach bhfuil iontu ach carbón agus hidrigin?

(iv) Déan idirdhealú idir comhdhúile alafatacha agus comhdhúile aramatacha.

(v) Ainmnigh trí fhine de chomhdhúile alafatacha nach bhfuil iontu ach carbón agus hidrigin.

Tarraing foirmle struchtúrach an dara ball de dhá cheann ar bith de na finte a ainmníonn tú, agus tabhair an t-ainm IUPAC atá orthu. (39)

- (b) Déan staidéar ar an scéim imoibriúcháin i bhFíor 13 thíos agus freagair na ceisteanna a leanann í.



Fíor 13

(i) Ainmnigh an chomhdhúil neamhorgánach **X**, agus na comhdhúile **C₂H₂** agus **CH₃COOH**.

(ii) Mínigh cén fáth a bhfuil **C₂H₅OH** an-intuaslagtha in uisce.

(iii) Ainmnigh an saghas imoibriú atá i gceist agus **C₂H₂** á thiontú ina **C₂H₄**.

(iv) Tarraing léaráid lipéadaithe chun a thaispeáint conas a ullmhaítear **C₂H₂** agus uisce á chur le comhdhúil **X**.

(v) Déanann **C₂H₂** agus **C₂H₄** araon uisce bróimín a dhídhathú.

Cén t-eolas a thugann an fhíric seo faoi na comhdhúile seo? (27)

12. Freagair **trí** cinn ar bith díobh seo a leanas (a), (b), (c), (d). Tá 22 marc ag gabháil le gach ceann díobh.

(a) Sainmhínigh dúile trasdultacha i dtéarmaí cumraíocht leictreon.

Tabhair airí sainiúil de chomhdhúil de mhiotal trasdultach.


Is miotal trasdultach é copar. Taispeántar cuid bheag dá struchtúr criostail i bhFíor 14.

Déan cur síos ar an nascadh laistigh den chriostal miotalach seo.

Mínigh, i dtéarmaí struchtúr criostail agus nasctha, cén fáth a bhfuil copar

(i) ina sheoltóir sármhaith leictreachais,

(ii) ina sheoltóir maith teasa.



Fíor 14

(b) Déan cur síos ar an nascadh i móilín clóirín (Cl_2).

Sainmhínigh leictridhiúltacht.


Tabhair cúis a méadaíonn ar luachanna na leictridhiúltachta trasna an tríú peiriad den tábla peiriadach.

Is féidir le comhdhúile simplí clóirín, nascadh ianach nó nascadh comhfhiúsach a bheith acu.

Agus tú ag tagairt do luach leictridhiúltachta ceann ar bith de na chéad 18 ndúil, tabhair foirmle comhdhúil chlóirín a bhfuil (i) nascadh ianach, (ii) nascadh polach-comhfhiúsach, aici.


Mínigh cé acu ag **HCl** nó ag **HBr** a mbeifeá ag síul leis an nascadh is láidre.

(c) Bhí déshuilfid iarainn nó pirít iarainn (FeS_2) i láthair uaireanta san ábhar tógála a úsáideadh chun spásanna a líonadh faoi urláir. Mar a léirítear sna himoibrithe ceimiceacha seo a leanas, d'imoibrigh an déshuilfid iarainn le hocsaignin agus uisce chun aigéad sulfarach a tháirgeadh; ansin d'imoibrigh an t-aigéad sulfarach le carbónait chailciám (CaCO_3) a bhí i láthair i gcoincréit chun shulfait chailciám (CaSO_4) a tháirgeadh.



Tháinig scoilteanna in urláir agus i mballaí de bharr leathadh na gcriostal de shulfait chailciám ina dhiaidh sin. Is de bharr na n-imoibrithe seo a tharla an damáiste tubaisteach struchtúrach do roinnt foirgneamh in Éirinn, a thaispeántar i bhFíor 15.

Ríomh



Fíor 15

(i) líon na mól i 3.6 kg de dhéshuilfid iarainn,

(ii) líon na mól d'aigéad sulfarach a rinneadh nuair a d'imoibrigh 3.6 kg de dhéshuilfid iarainn,


(iii) toirt na hocsagine, a tomhaiseadh ag t.b.c., a bhí riachtanach don imoibriú seo,

(iv) líon na mól de carbónait chailciám a d'imoibrigh leis an aigéad sulfarach a rinneadh,


(v) más de shulfait chailciám a rinneadh.

(d) Sainmhínigh *teas déanmháiochta*.

Féach ar na trí theas déanmháiochta seo a leanas.



Bain úsáid as dlí Hess agus as na teasa déanmháiochta thuas chun an t-athrú teasa a ríomh san imoibriú seo a leanas a úsáidtear chun breosláí a dhíshulfarú i scaglanna ola.



Cén fáth a bhfuil sé inmholta comhdhúile sulfair a bhaint as breosláí mar chuid den scagadh ola?

Leathanach Bán

Leathanach Bán